Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2019
(OR. en)

14383/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0114(COD)**

**TRANS 545**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14059/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9672/17 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/EC maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an 1 Meitheamh 2017 mar chuid den Chéad Phacáiste Soghluaisteachta.

2. Thíolaic an Coimisiún a thogra chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, le maoiniú an bhonneagair bóithre agus le brú tráchta. Leis an togra modhnaítear an treoir maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma (Treoir 1999/62/CE).

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

3. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Christine Revault d'Allonnes Bonnefoy (SD, FR) mar rapóirtéir don 8ú téarma parlaiminteach.

4. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh.

5. Ainmníodh Giuseppe Ferrandino (SD, IT) mar rapóirtéir don 9ú téarma parlaiminteach.

6. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 529ú seisiún iomlánach, ar an 18 Deireadh Fómhair 2017. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim ag an 127ú seisiún iomlánach ar an 1 Feabhra 2018.

## III. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

7. Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre ar an 1 Meitheamh 2017 le cur i láthair ginearálta ar an togra. Ar an 21 Meitheamh 2017 rinneadh anailís ar an measúnú tionchair.

8. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (ITF, Iompar) maidir leis an togra an 5 Nollaig 2017 (14426/17) agus tíolacadh tuarascáil ar dhul chun cinn ar an 6 Meitheamh 2019 (9331/19).

## IV. SAINCHEISTEANNA GAN RÉITEACH

9. Measann an Uachtaránacht go bhfuil an togra ríthábhachtach chun astaíochtaí carbóin ó earnáil an iompair a laghdú agus go bhféadfaidh an togra difríocht shuntasach a dhéanamh mar bheart tacaíochta do na Ballstáit chun astaíochtaí ó earnáil an iompair de bhóthar a laghdú. Tá forálacha Airteagal 7g-a nua lárnach chun an toradh sin a bhaint amach, ós rud é go ndéantar foráil ann d'uirlis nua éigeantach, uile-Aontais chun muirir bhonneagair agus muirir ar úsáideoir le haghaidh feithiclí tromshaothair a athrú bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$. Cuirtear an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit san áireamh in airteagail eile, lena bhfágtar gur féidir an treoir a chur i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla is féidir, agus leibhéal riachtanach comhchuibhithe na rialacha á ráthú ag an am céanna.

10. Ní dhearnadh anailís chórasach ar na haithrisí agus ba cheart an obair sin a dhéanamh ag an Meitheal um Iompar de Thalamh a luaithe a chomhaontófaí an cur chuige ginearálta.

## V. CONCLÚID

11. Ar an 20 Samhain 2019, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh agus chinn sé é a thíolacadh, mar a cuireadh i láthair é san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, le haghaidh cur chuige ginearálta ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 2 Nollaig 2019.

12. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta. Thairis sin, iarrtar ar an gComhairle a iarraidh ar an Meitheal um Iompar de Thalamh an obair a thabhairt chun críche, trí na haithrisí nach n-áirítear sa chur chuige ginearálta a ailíniú, i gcomhréir le hairteagail agus le hiarscríbhinní an téacs a comhaontaíodh.

**IARSCRÍBHINN**

2017/0114 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

***[aithrisí gan atáirgeadh]***

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir [...] ar úsáid bonneagar a ghearradh ar fheithiclí";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 1 agus 2:

*"Airteagal 1*

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) cánacha feithicle ar fheithiclí earraí troma,

   (b) dolaí agus muirir ar úsáideoir a fhorchuirtear ar fheithiclí.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le feithiclí [...] a **úsáidtear** ar chríocha neamh-Eorpacha na mBallstát agus ar na críocha sin amháin.

3. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le feithiclí **tromshaothair** atá cláraithe sna hOileáin Chanáracha, in Ceuta agus Melilla, sna hAsóir ná i Maidéara agus a dhéanann oibríochtaí iompair ar na críocha sin amháin nó idir na críocha sin agus mórthír na Spáinne agus mórthír na Portaingéile faoi seach.

**4. Féadfaidh na Ballstáit roghnú gan mír 5 d'Airteagal 7c, mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 7g agus Airteagal 7g-a a chur i bhfeidhm maidir le dolaí agus muirir ar úsáideoirí ar bhonneagair bhóithre atá cumhdaithe ag conarthaí lamháltais, go ndéanfar an conradh a athnuachan nó a leasú go substaintiúil, agus sna cásanna seo a leanas:**

**(a) síníodh an conradh roimh [*OI: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí*]; nó**

**(b) fuarthas tairiscintí nó freagraí ar chuirí dul i mbun idirbheartaíochta ina leith faoin nós imeachta idirbheartaíochta de bhun próiseas soláthair phoiblí roimh [*OI: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí*].**

**5. Tá feidhm ag mír 4 maidir le conarthaí fad-téarma, arna gcur i gcrích idir eintiteas poiblí agus neamhphoiblí, a síníodh roimh [*IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí*] chun oibreacha agus/nó bainistiú seirbhísí a fhorfheidhmiú seachas forfheidhmiú oibreacha nach gcuimsíonn aistriú an riosca éilimh.**

*Airteagal 2*

Chun críocha na Treorach seo:

(1) ciallaíonn 'gréasán bóithre tras-Eorpach' an bonneagar iompair de bhóthar dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] faoi mar a léirítear ar léarscáileanna é in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

(2) ciallaíonn 'costais tógála' na costais a bhaineann le tógáil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na costais mhaoiniúcháin maidir le ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) bonneagar nua nó feabhsuithe nua ar bhonneagar, lena n-áirítear deisiúcháin shuntasacha struchtúracha;

---

**3** Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1.)

(b) bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar, lena n-áirítear deisiúcháin shuntasacha struchtúracha, a cuireadh i gcrích tráth nach faide siar ná 30 bliain roimh an 10 Meitheamh 2008, i gcás ina raibh socruithe dola i bhfeidhm cheana ar an 10 Meitheamh 2008, nó a cuireadh i gcrích tráth nach faide siar ná 30 bliain sular bunaíodh aon socruithe nua dolaí a tugadh isteach tar éis an 10 Meitheamh 2008;

(c) bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar a cuireadh i gcrích **breis is 30 bliain** roimh an 10 Meitheamh 2008 más rud é:

(i) go bhfuil córas dolaí curtha ar bun ag Ballstát lena ndéantar foráil d' aisghabháil na gcostas sin trí mheán conartha le hoibreoir córais dolaí, nó gníomhartha dlí eile a bhfuil an toradh céanna orthu, a tháinig i bhfeidhm roimh an 10 Meitheamh 2008, nó

(ii) gur féidir le Ballstát a léiriú go raibh an cás maidir le tógáil an bhonneagair i dtrácht ag brath ar shaolré níos faide ná 30 bliain a bheith ag dearadh an bhonneagair sin

(3) ciallaíonn 'costais mhaoiniúcháin' ús ar iasachtaí agus toradh ar aon mhaoiniú cothromais a íocann scairshealbhóirí;

(4) ciallaíonn 'deisiúcháin shuntasacha struchtúracha' deisiúcháin struchtúracha cé is moite de na deisiúcháin sin nach dtéann chun sochair d'úsáideoirí bóithre a thuilleadh, go háirithe i gcás inar cuireadh dromchla nua ar bhóthar nó ina ndearnadh obair thógála eile san áit a ndearnadh an obair dheisiúcháin;

(5) ciallaíonn 'mótarbhealach' bóthar a dhéantar a dhearadh agus a thógáil go speisialta le haghaidh mótarthráchta, nach bhfónann do réadmhaoin atá i dteorainn leis, agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) tá sé feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaí ar leith don trácht ón dá threo, scartha óna chéile le stiall dealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta, nó go heisceachtúil, trí mhodhanna eile;

(b) ní thrasnaíonn sé ar comhréidh le haon bhóthar, aon iarnród, aon trambhealach, aon raon rothar ná aon chosán;

(c) tá sé ainmnithe go sonrach mar mhótarbhealach;

(6) ciallaíonn 'dola' suim shonraithe bunaithe ar an achar arna thaisteal ar bhonneagar ar leith agus ar an gcineál feithicle, a thugann a íoc cead d'fheithicil na bonneagair a úsáid, atá comhdhéanta de **cheann amháin nó níos mó de na muirir seo a leanas**:

- muirear bonneagair;
- muirear brú tráchta;
- muirear costas seachtrach;

(7) ciallaíonn 'muirear bonneagair' muirear a thoibhítear chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais arna dtabhú i mBallstát i dtaca le bonneagar a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a fhorbairt;

(8) Ciallaíonn 'muirear costas seachtrach' muirear a thoibhítear chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais [...] a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta**,** [...] truailliú torainn de dheasca tráchta **agus**/nó **astaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta** [...] ;

**(8a)** ciallaíonn 'costas an truaillithe aeir de dheasca tráchta' costas an damáiste a tharlaíonn de dheasca ábhar cáithníneach agus réamhtheachtaithe ózóin, amhail ocsaíd nítrigine agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha, a bheith á scaoileadh san aer le linn d'fheithicil a bheith in úsáid;

**(8b)** ciallaíonn 'costas an truaillithe torainn de dheasca tráchta' costas an damáiste a tharlaíonn de dheasca an torainn a astaíonn feithiclí nó a chruthaítear de bharr a n-idirghníomhaíocht le dromchla an bhóthair;

**(8c) ciallaíonn 'costas astaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta' costas an damáiste arb é scaoileadh carbóin dé-ocsaíde is cúis leis le linn d'fheithicil a bheith in úsáid;**

(9) ciallaíonn 'brú tráchta' cás ina bhfuil méideanna tráchta i bhfoisceacht acmhainn na mbóithre nó os a cionn;

(10) ciallaíonn 'muirear brú tráchta' muirear a thoibhítear ar fheithiclí chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais brú tráchta arna dtabhú i mBallstát [...] ;

(11) [...]

(12) [...]

(13) ciallaíonn 'meánmhuirear ualaithe bonneagair' ioncam iomlán an mhuirir bonneagair le linn tréimhse áirithe, roinnte ar líon na gciliméadar feithicle tromshaothair arna thaisteal ar na codanna den bhóthar atá faoi réir an mhuirir le linn na tréimhse sin;

(14) ciallaíonn 'muirear ar úsáideoir' suim shonraithe a íoctar chun go mbeidh cead ag feithicil na bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (2) a úsáid le linn tréimhse ar leith;

(15) ciallaíonn 'feithicil' [...] **mótarfheithicil, nó feithicil altach leantóirchúpláilte a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí a iompar de bhóthar nó atá beartaithe chuige sin**;

(16) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair" [...] **feithicil nach mó ná 3,5 tona a huasmhais incheadaithe**;

(17) ciallaíonn "feithicil earraí troma" feithicil atá ceaptha lena húsáid chun earraí a iompar agus a bhfuil a huasmhais incheadaithe os cionn 3,5 tona;

(18) ciallaíonn "cóiste [...] **agus** bus" feithicil atá ceaptha lena húsáid chun níos mó ná ochtar paisinéirí, le cois an tiománaí, a iompar agus ar mó ná 3,5 tona a huasmhais incheadaithe;

(19) (29) ciallaíonn "feithicil saothair éadroim" [...] **feithicil nach mó ná 3,5 tona a huasmhais incheadaithe**;

(20) ciallaíonn "gluaisteán paisinéirí" feithicil [...] **nach bhfuil níos mó ná ocht gcinn d'ionaid suí iontu de bhreis ar ionad suí an tiománaí agus nach mó na 3,5 tona a uasmhais incheadaithe, nó carbhán mótair**;

(21) ciallaíonn "mionbhus" feithicil atá ceaptha lena húsáid chun níos mó ná ochtar paisinéirí, le cois an tiománaí, a iompar agus nach mó ná 3.5 tona a huasmhais incheadaithe;

**(21a) ciallaíonn 'carbhán mótair' feithicil a bhfuil urrann cónaithe inti, ina bhfuil trealamh amhail: suíocháin agus bord, cóiríocht chodlata is féidir a thiontú ó na suíocháin, saoráidí cócaireachta agus saoráidí stórála, nach mó ná 3,5 tona a n-uasmhais incheadaithe;**

(22) ciallaíonn '**feithicil [...] tráchtála éadrom**' feithicil atá ceaptha lena húsáid chun earraí a iompar agus a bhfuil a huasmhais incheadaithe os cionn 3,5 tona;

(23) [...]

**(23) ciallaíonn 'feithicil astaíochtaí nialasacha'**

**i) gluaisteán paisinéirí nó feithicil tráchtála éadrom gan inneall dócháin inmheánaigh; nó**

**ii) feithicil tromshaothair mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) de Rialachán (AE) 2019/1242[4];**

(24) ciallaíonn "oibreoir iompair" aon ghnóthas a iompraíonn earraí nó paisinéirí de bhóthar;

**4 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle IO L 198, 25.7.2019, lch. 202-240.**

(25) ciallaíonn 'feithicil den chatagóir 'EURO 0', 'EURO I', 'EURO II', 'EURO III', 'EURO IV', 'EURO V', **'EEV'**, 'EURO VI'" feithicil tromshaothair a chomhlíonann na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn 0;

(26) ciallaíonn 'cineál feithicle **tromshaothair**' catagóir na feithicle tromshaothair de réir líon na n-acastóirí atá aici, a toisí nó a meáchain, nó tosca eile aicmithe feithicle a léiríonn damáiste bóthair, e.g. an córas aicmithe damáiste bóthair a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, ar choinníoll go bhfuil an córas aicmithe bunaithe ar thréithe feithicle a luaitear sna doiciméid feithicle a úsáidtear i ngach Ballstát nó is léir ó amharc;

**(26a) ciallaíonn "foghrúpa feithiclí" grúpa feithiclí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2019/1242;**

(27) ciallaíonn "conradh lamháltais" **lamháltas** oibreacha [...] **nó lamháltas seirbhíse** mar a shainmhínítear in Airteagal [...] **5(1)** de Threoir 2014/[...] **23**/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5];

(28) ciallaíonn "dola lamháltais" dola a thoibhíonn lamháltóir faoi chonradh lamháltais;

(29) ciallaíonn "socrú dola nó muirearaithe arna leasú go substaintiúil" socrú dola nó muirearaithe, lena **bhfuiltear ag súil go méadóidh leasú na rátaí ioncaim de bhreis ar <u>10%</u> i gcomparáid leis an mbliain chuntasaíochta roimhe sin, gan éifeacht an mhéadaithe ar thrácht a áireamh agus tar éis a cheartaithe de réir boilsciú arna thomhas de réir athruithe ar an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna uile-Aontais do Thomhaltóirí, seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat).**

[...]

---

**5** Treoir 2014 [...] /**23**/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le [...] **conarthaí lamháltais a dhámhachtain** (IO L 94, 28.3.2014, lch. [...] **1**).";

**(30)** **ciallaíonn 'an chéad luach tagartha', i gcás gach foghrúpa feithiclí, an luach astaíochtaí $CO_2$ a chomhfhreagraíonn don 10ú peircintíl is ísle de na sonraí faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 7g-a, cé is moite d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha i ríomh na luachanna sin ;**

**(31)** **ciallaíonn 'an dara luach tagartha', i gcás gach foghrúpa feithiclí, an luach astaíochtaí $CO_2$ a chomhfhreagraíonn don 20ú peircintíl is ísle de na sonraí faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 7g-a, cé is moite d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha i ríomh na luachanna sin;**

Chun críocha phointe 2:

(a) ar aon chuma, ní rachaidh an sciar de na costais tógála atá le cur san áireamh thar an sciar den saolré reatha atá ceaptha a bheith ag na comhpháirteanna bonneagair atá le bheith ag feidhmiú fós an 10 Meitheamh 2008 nó ar an dáta a thabharfar isteach na socruithe nua dolaí, más dáta níos déanaí ná sin é;

(b) ar na costais a bhaineann le bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar, féadfar a áireamh aon chaiteachas sonrach ar bhonneagar a bhfuil sé mar aidhm aige núis i ngeall ar thorann a laghdú nó an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus íocaíochtaí iarbhír a dhéanann oibreoir bonneagair i dtaca le heilimintí oibiachtúla comhshaoil amhail cosaint i gcoinne éilliú ithreach.

[***scriosta:*** **[...]** ]

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

*"Airteagal 7*

1. Gan dochar d'Airteagal 9, féadfaidh na Ballstáit dolaí agus muirir ar úsáideoir a choinneáil nó a thabhairt isteach ar an ngréasán bóithre tras-Eorpach nó ar chodanna ar leith den ghréasán sin, agus ar chodanna eile dá ngréasán mótarbhealaí nach cuid den ghréasán bóithre tras-Eorpach iad faoi na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 3 go **8a** [...] den Airteagal seo agus in Airteagail 7a go 7k.

2. Beidh mír 1 gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dolaí agus muirir ar úsáideoir a chur i bhfeidhm ar bhóithre eile, ar choinníoll nach ndéanfaidh forchur na ndolaí agus na muirear ar úsáideoir ar na bóithre sin idirdhealú i gcoinne trácht idirnáisiúnta agus nach saobhfaidh sé cúrsaí iomaíochta idir oibreoirí. Comhlíonfaidh na dolaí agus na muirir ar úsáideoir a ghearrtar ar bhóithre nach bóithre ar cuid den ghréasán bóithre tras-Eorpach iad agus nach mótarbhealaí iad, comhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, Airteagal 7a agus Airteagal 7j(1), (2) agus (4).

**2a. Gan dochar d'fhorálacha eile na Treorach seo, féadfar dolaí agus muirir ar úsáideoir de chatagóirí éagsúla feithiclí, amhail feithiclí tromshaothair, feithiclí earraí troma, cóistí agus busanna, feithiclí saothair éadroim, feithiclí tráchtála éadroma agus gluaisteáin paisinéirí, féadfar iad a thabhairt isteach nó a choimeád neamhspleách ar a chéile.**

3. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit dolaí agus muirir ar úsáideoir ar aon chatagóir ar leith feithicle as cuid aonair de bhóthar a úsáid. Dá ainneoin sin, féadfaidh Ballstát a fhorchuireann muirear ar úsáideoir ar an ngréasán atá aige, féadfaidh sé dolaí a fhorchur freisin as droichid, tolláin agus mámanna sléibhe a úsáid.

**Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan míreanna 7c (<u>5</u>) agus 7g-a(1) a chur i bhfeidhm ar dholaí den sórt sin chun droichid, tolláin agus pasanna sléibhe a úsáid i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin nó an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:**

(a) **maidir le cur i bhfeidhm míreanna 7c(5) agus 7g-a(1), ní bheadh sé praiticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de difreáil den sórt sin a thabhairt isteach sa chóras dolaí lena mbaineann;**

(b) **maidir le cur i bhfeidhm míreanna 7c(5) agus 7g-a(1), d'fhágfadh sé go ndéanfaí na feithiclí is mó truailliú a atreorú agus go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an tsláinte phoiblí dá bharr.**

**Aon Bhallstát a chinnfidh gan míreanna 7c(5) agus 7g-a(1) a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh.**

4. Leis na dolaí agus na muirir ar úsáideoir ní dhéanfar idirdhealú, go díreach ná go hindíreach, ar bhonn náisiúntacht an úsáideora bóithre, ar bhonn Bhallstát nó thríú tír bunaíochta an oibreora iompair nó chlárú na feithicle, ná ar bhonn thionscnamh nó cheann scríbe na hoibríochta iompair.

**4a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do rátaí dola laghdaithe nó muirir laghdaithe ar úsáideoir agus féadfaidh siad codanna de bhóithre ina bhfuil dlús tráchta íseal i limistéir atá tearc i ndaonra a eisiamh.**

5. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do rátaí dola laghdaithe nó muirir laghdaithe ar úsáideoir, nó díolúintí ón oibleagáid dolaí nó muirir ar úsáideoir a íoc as na feithiclí seo a leanas:

(i) feithiclí tromshaothair atá díolmhaithe ón gceanglas trealamh taifeadta a shuiteáil agus a úsáid faoi Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]**;** agus

(ii) **aon fheithicl** [...] a chumhdaítear faoin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(2)(a), (b) agus (c) den Treoir seo.

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1.)

6. [...]

7. [...] **.**

8. Go dtí [...] **[*IO: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm móide ocht mbliana*]**, maidir le feithiclí [...] **earraí** troma, féadfaidh Ballstát an rogha a dhéanamh dolaí nó muirir ar úsáideoir a ghearradh ar fheithiclí ag a bhfuil uasmheáchan ualaithe incheadaithe 12 thona ar a laghad, agus **ar na feithiclí sin amháin**, má mheasann sé go bhféadfadh a bheith mar thoradh ar na dolaí nó na muirir ar úsáideoir a ghearradh ar fheithiclí **earraí troma** atá faoi bhun 12 thona aon cheann díobh seo, le cois nithe eile:

(a) tionchar díobhálach suntasach ar shaorghluaiseacht tráchta, ar an gcomhshaol, ar leibhéil torainn, ar bhrú tráchta, ar an tsláinte, nó ar an tsábháilteacht ar bhóithre de bharr atreorú tráchta;

(b) costais riaracháin níos mó ná [...] **15 %** den ioncam breise a ghinfí mar thoradh ar na dolaí nó na muirir ar úsáideoir a ghearradh ar fheithiclí atá faoi bhun 12 thona**; nó**

**(c) a bhaineann le catagóir feithiclí nach cúis le níos mó ná 10% de na costais bhonneagair inmhuirearaithe.**

Maidir leis na Ballstáit sin a roghnóidh dolaí nó muirir ar úsáideoir, nó an dá rud, a ghearradh ar fheithiclí **earraí troma**, ag a bhfuil uasmheáchan ualaithe incheadaithe 12 thona, ar a laghad, agus ar na feithiclí sin amháin, cuirfidh siad an cinneadh sin, maille leis na cúiseanna atá leis, in iúl don Choimisiún.

**8a. I gcás ina gcuirtear dolaí i bhfeidhm ar gach feithicil tromshaothair, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh céatadán faoi leith de na costais a aisghabháil ó chóistí agus busanna, ar thaobh amháin, agus ó fheithiclí earraí troma, ar an taobh eile.**

9. [...]

10. [...] ";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7a:

*"Airteagal 7a*

1. Beidh na muirir ar úsáideoir comhréireach le fad na tréimhse ina mbainfear úsáid as an mbonneagar.

2. A mhéid a ghearrtar muirir ar úsáideoir i dtaca le feithiclí tromshaothair, cuirfear úsáid an bhonneagair ar fáil le linn na dtréimhsí ama seo a leanas, ar a laghad: lá, seachtain, mí, agus bliain. Ní bheidh an ráta míosúil níos mó ná 10 % den ráta bliantúil, ní bheidh an ráta seachtainiúil níos mó ná 5 % den ráta bliantúil agus ní bheidh an ráta laethúil níos mó ná 2 % den ráta bliantúil. **Ní fhéadfaidh Ballstát ach rátaí bliantúla a chur i bhfeidhm i gcás feithiclí a chláraítear sa Bhallstát sin.**

Socróidh na Ballstáit muirir ar úsáideoir, lena n-áirítear costais riaracháin, le haghaidh gach catagóire feithicle [...] tromshaothair, ar ráta nach mó ná na huasrátaí a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

3. A mhéid a ghearrtar muirir ar úsáideoir i dtaca le gluaisteáin paisinéirí, cuirfear úsáid an bhonneagair ar fáil le linn na dtréimhsí ama seo a leanas ar a laghad: 10 lá, mí nó dhá mhí nó iad araon, agus bliain. Ní bheidh an ráta dhá mhí níos mó ná **33 %** den ráta bliantúil[...], **agus** ní bheidh an ráta míosúil níos mó ná **20 %** den ráta bliantúil. [...] Ní bheidh an ráta 10 lá níos mó ná **13 %** den ráta bliantúil.

Cuirfidh na Ballstáit úsáid an bhonneagair ar fáil le linn tréimhsí ama eile. Sna cásanna sin, gearrfaidh na Ballstáit rátaí i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir úsáideoirí, ag cur san áireamh na dtosca ábhartha uile, go háirithe an ráta bliantúil agus na rátaí a ghearrtar le linn na dtréimhsí ama eile dá dtagraítear sa chéad fhomhír, na patrúin úsáide atá ann agus na costais riaracháin.

Maidir le scéimeanna muirir ar úsáideoir a ghlacfar roimh [...] **[*IO: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm*]**, féadfaidh na Ballstáit rátaí os cionn na dteorainneacha a leagtar síos sa chéad fhomhír a choimeád, ar rátaí iad a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin, agus rátaí comhfhreagracha níos airde le linn tréimhsí eile úsáide, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne. Dá ainneoin sin, cloífidh siad leis na teorainneacha a leagtar amach sa chéad fhomhír agus leis an dara fomhír chomh maith a luaithe a thiocfaidh socruithe dola nó muirearaithe atá leasaithe go substaintiúil i bhfeidhm agus, ar a laghad, ón [...] **[*IO: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm móide ocht mbliana*]**.

4. I gcás mionbhusanna agus **feithiclí tráchtála éadroma** [...], cloífidh na Ballstáit le mír 2 nó mír 3. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit, mar sin féin, **rátaí** muirir **eile** ar úsáideoir a shocrú do mhionbhusanna agus **d'fheithiclí tráchtála éadroma** [...] ná mar a shocraítear do ghluaisteáin paisinéirí [...] ."

**<u>(4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7b:</u>**

*"Airteagal 7b*

1. Bunófar an muirear bonneagair **<u>d'fheithiclí tromshaothair</u>** ar phrionsabal na costais bhonneagair a aisghabháil. Beidh an meánmhuirear ualaithe bonneagair **<u>d'fheithiclí tromshaothair</u>** i gcoibhneas leis na costais tógála agus na costais a bhaineann leis an ngréasán bonneagair lena mbaineann a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt. Anuas air sin, féadfar toradh ar chaipiteal agus/nó ar chorrlach brabúis atá bunaithe ar dhálaí margaidh a áireamh sa mheánmhuirear ualaithe bonneagair.

2. Bainfidh na costais a chuirfear san áireamh leis an ngréasán nó leis an gcuid den ghréasán ar a dtoibhítear na muirir bhonneagair **<u>d'fheithiclí tromshaothair</u>** agus leis na feithiclí a thagann faoina réir. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan ach céatadán de na costais sin a aisghabháil."

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7c:

*"Airteagal 7c*

1. Féadfaidh na Ballstáit muirear costas seachtrach a choimeád nó a thabhairt isteach a bhaineann le costas an **truaillithe** aeir de dheasca tráchta, [...] an truaillithe torainn**, astaíochtaí $CO_2$,** nó [...] **teaglama ar bith díobh**.

**I gcás ina ngearrtar muirear costas seachtrach** ar thruailliú aeir nó torainn feithiclí tromshaothair, [...] athróidh **na Ballstáit é** agus [...] socrófar **é** i gcomhréir leis na híoscheanglais agus na modhanna a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa agus urramóidh sé na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIb.

2. Bainfidh na costais a chuirfear san áireamh leis an ngréasán nó leis an gcuid den ghréasán ar a dtoibhítear na muirir costas seachtrach agus leis na feithiclí a thagann faoina réir. Féadfaidh na Ballstáit an rogha a dhéanamh gan ach céatadán de na costais sin a aisghabháil.

3. Ní ghearrfar an muirear costas seachtrach a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta ar fheithiclí tromshaothair a chomhlíonann na caighdeáin astaíochtaí EURO Is déine.

Ní bheidh feidhm leis an gcéad fhomhír ceithre bliana ón dáta tráth a tháinig na rialacha i bhfeidhm lenar tugadh isteach na caighdeáin sin.

**3a. Féadfaidh an Ballstát imeacht ón gceanglas i dtaca leis an muirear bonneagair nó an muirear ar úsáideoir a athrú i gcomhréir le mír 1a d'Airteagal 7g-a i gcás ina dtoibhítear agus ina n-athraítear muirear ar chostas seachtrach le haghaidh $CO_2$ de réir luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$, mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn IIIc, nó sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3c.**

**Féadfar muirear ar chostas seachtrach na n-astaíochtaí $CO_2$ a chur le muirear bonneagair a athraíodh de réir Airteagal 7g-a.**

**3b. Maidir le busanna agus cóistí, féadfaidh na Ballstáit na luachanna céanna nó luachanna is ísle ná na luachanna sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc a chur i bhfeidhm.**

**3c.** **Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9c(3) chun luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach a shocrú le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí dá dtagraítear i mír 1a d'Airteagal 7g-a ar d'aicme astaíochtaí $CO_2$ 2 agus 3 iad, agus chun na luachanna sin a athbhreithniú i gcás feithiclí ísealastaíochtaí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh laistigh de bhliain tar éis don Choimisiún, de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, sonraí tagartha astaíochtaí $CO_2$ – ar sonraí iad atá riachtanach chun luachanna costas seachtrach a ríomh i gcás aicme feithiclí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IIIc – a fhoilsiú den chéad uair.**

**[3d.** *scriosta***]**

**3e.** **Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit muirir costas seachtrach níos airde a chur I bhfeidhm ar astaíochtaí $CO_2$ ná na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc, ar choinníoll go ndéanfar é sin ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus nach mbeidh sé teoranta do níos mó ná dhá oiread na luachanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm, tabharfaidh siad údar dá gcinneadh agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi sin.**

4. Socróidh an Ballstát lena mbaineann suim an mhuirir costas seachtrach. Má ainmníonn Ballstát údarás chun na críche sin, beidh an t-údarás neamhspleách, ar bhonn dlíthiúil agus airgeadais, ar an eagraíocht a mbíonn sé de chúram uirthi cuid den mhuirear nó é ar fad a bhainistiú nó a bhailiú.

5. I gcás inar suntasaí ná eile an damáiste a dhéanann feithiclí tromshaothair don chomhshaol ón [...], [***IO: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm + ceithre bliana***], gearrfaidh na Ballstáit sin a thoibhíonn muirear costas seachtrach ar fheithiclí tromshaothair ar chuid den ghréasán, ar a laghad, dá dtagraítear in Airteagal 7(1). [...] ";[7]

---

7 *Cuir aithris nua isteach:* **Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, teorannú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm muirear costas seachtrach ar fheithiclí tromshaothair do na codanna sin den ghréasán ina gcuirtear muirir bhonneagair i bhfeidhm.**

**(5a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7d:**

"***Airteagal 7d***

**Faoi cheann sé mhí, tar éis caighdeáin astaíochtaí EURO níos déine a bheith ann, agus glactha leo, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun na luachanna tagartha comhfhreagracha in Iarscríbhinn IIIb a shocrú.**"

(6) Cuirtear isteach an tAirteagal 7da seo a leanas:

*"Airteagal 7da*

1. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V, muirear brú tráchta a thabhairt isteach ar aon chuid dá ngréasán bóithre ar a mbíonn brú tráchta. Ní fhéadfar an muirear brú tráchta a ghearradh ach ar na codanna sin den bhóthar ar a mbíonn brú tráchta go tráthrialta agus le linn na dtréimhsí ina mbíonn na bóithre sin faoi bhrú tráchta go hiondúil amháin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na codanna den bhóthar agus na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 1 a shainiú ar bhonn critéir oibiachtúla maidir le leibhéal neamhchosanta na mbóithre agus a gcomharsanachta ar an mbrú tráchta, amhail moilleanna meánacha agus faid na scuainí.

3. Déanfar muirear brú tráchta ar aon chuid den ghréasán bóithre a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i gcás gach catagóire feithiclí, i gcomhréir leis na tosca coibhéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V. **Féadfaidh na Ballstáit a dhíolmhú, go páirteach nó go hiomlán, cóistí agus busanna, ó mhuirearú brú tráchta.**

4. Léireoidh an muirear brú tráchta na costais a fhorchuireann feithicil ar úsáideoirí eile bóithre, agus go hindíreach ar an tsochaí, [...] **agus urramóidh sé na luachanna tagartha** a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i gcás aon chineál bóthair ar leith **agus socrófar é i gcomhréir leis na híoscheanglais dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát muirir brú tráchta níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn VI a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé sin, de réir na gceanglas dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, in iúl don Choimisiún.**

5. Cuirfidh na Ballstáit sásraí leordhóthanacha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na muirear brú tráchta agus chun leibhéal an bhrú tráchta a athbhreithniú. Déanfaidh siad athbhreithniú ar leibhéal na muirear go tráthrialta, ar a laghad gach trí bliana, chun a áirithiú nach airde iad ná an costas a bhaineann leis an mbrú tráchta sa Bhallstát sin agus a ghintear ar na codanna sin den bhóthar ar a bhfuil muirear brú tráchta.";

**(6a) <u>Cuirfear</u> an méid seo a leanas in ionad mhír <u>1 agus 2</u> d'Airteagal 7e:**

″1. Úsáidfidh na Ballstáit modheolaíocht atá bunaithe ar na bunphrionsabail ríofa a leagtar amach in **<u>Airteagal 7b agus</u>** in Iarscríbhinn III chun uasluach an mhuirir bonneagair **d'fheithiclí tromshaothair** a ríomh.

2. I gcás dolaí lamháltais, beidh uasleibhéal an mhuirir bonneagair **<u>d'fheithiclí tromshaothair</u>** coibhéiseach leis an leibhéal, nó faoina bhun, a bheadh mar thoradh ar úsáid modheolaíochta bunaithe ar na bunphrionsabail ríofa a leagtar amach in **<u>Airteagal 7b agus in</u>** Iarscríbhinn III. Déanfar coibhéis den sórt sin a mheas bunaithe ar thréimhse thagartha réasúnta fada dé réir mar is iomchuí don chineál conartha lamháltais."

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7f agus Airteagal 7g:

*"Airteagal 7f*

1. Tar éis é a chur in iúl don Choimisiún, féadfaidh Ballstát marcáil suas a chur leis an muirear bonneagair a thoibhítear ar chodanna sonracha de bóthar ar a mbíonn brú tráchta, nó arb é a n-úsáid ag feithiclí is cúis le damáiste suntasach don chomhshaol, ar choinníoll:

   (a) go n-infheisteofar an t-ioncam a ghinfear ón marcáil suas i maoiniú **seirbhísí iompair a fhorbairt, nó i** dtógáil **nó i gcothabháil** bonneagair iompair an chroíghréasáin arna shainaithint i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, a chuidíonn go díreach chun an brú tráchta nó an damáiste don chomhshaol a laghdú agus atá suite sa chonair chéanna leis an gcuid den bhóthar ina gcuirfear an mharcáil suas i bhfeidhm;

(b) nach sáróidh an mharcáil suas 15 % den mheánmhuirear ualaithe bonneagair a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7b(1) agus Airteagal 7e, ach amháin i gcás ina n-infheisteofar an t-ioncam a ghinfear i gcodanna trasteorann de chonairí croíghréasáin, agus sa chás sin ní ceadmhach an mharcáil suas a bheith níos mó ná 25 %**. I gcás ina gcuirfidh dhá Bhallstát nó níos mó marcáil suas i bhfeidhm ar an gconair chéanna, ní sháróidh an mharcáil sin 50 %**;

(c) nach mbeidh mar thoradh ar an marcáil suas go gcaithfear go héagórach le trácht tráchtála le hais úsáideoirí eile bóithre;

(d) go gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin, sula gcuirfear an mharcáil suas i bhfeidhm, tuairisc ar an suíomh beacht ina mbeidh an mharcáil suas i bhfeidhm agus fianaise maidir leis an gcinneadh tógáil na gconairí croíghréasáin dá dtagraítear i bpointe (a) a mhaoiniú;

(e) go saineofar agus go dteorannófar roimh ré an tréimhse a mbeidh an mharcáil suas i bhfeidhm lena linn agus go mbeidh an tréimhse sin comhréireach, ó thaobh an ioncaim atáthar ag súil a bhaileofar, leis na pleananna airgeadais agus an anailís costais agus tairbhe do na tionscadail a chómhaoineofar leis an ioncam ón marcáil suas.

1a. I gcás tionscadail trasteorann nua, ní fhéadfar marcáil suas a chur leo ach amháin má thoilíonn gach Ballstát atá rannpháirteach sa tionscadal leis sin.

2. Féadfar marcáil suas a chur i bhfeidhm ar mhuirear bonneagair a athraíodh i gcomhréir le hAirteagal 7g, **7g-a** nó 7ga.

3. Tar éis an fhaisnéis is gá a fháil ón mBallstát a bhfuil sé beartaithe aige marcáil suas a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do bhaill an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 9c. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an mharcáil suas atá beartaithe na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, nó i gcás ina measann sé go mbeidh tionchar díobhálach suntasach ag an marcáil suas atá beartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch na réigiún forimeallach, féadfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na pleananna maidir le muirir arna dtíolacadh ag an mBallstát lena mbaineann a dhiúltú nó a iarraidh go ndéanfar na pleananna a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an [...] nós imeachta **scrúdúcháin** dá dtagraítear in Airteagal 9c([...] **3**).

4. [...]

5. Ní fhéadfar marcáil suas a chur i bhfeidhm ar chodanna bóthair i gcás ina gcuirtear muirear brú tráchta i bhfeidhm.

*Airteagal 7 g*

1. [...] **F**éadfar an muirear bonneagair a athrú chun an brú tráchta a laghdú, an damáiste don bhonneagar a íoslaghdú agus an úsáid a bhaintear as an mbonneagar lena mbaineann a bharrfheabhsú nó sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, ar choinníoll:

   (a) go mbeidh an t-athrú trédhearcach, go gcuirfear in iúl don phobal é agus go gcuirfear ar fáil do gach úsáideoir é ar théarmaí comhionanna;

   (b) go gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm de réir am an lae, de réir chineál an lae nó an tséasúir;

   (c) nach mó aon mhuirear bonneagair ná 175 % os cionn uasleibhéal an mheánmhuirir ualaithe bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 7b;

   (d) nach ngabhfaidh na buaicthréimhsí a dtoibheofar muirir bhonneagair níos airde lena linn chun an brú tráchta a laghdú, nach ngabhfaidh siad thar cúig huaire in aghaidh an lae;

   (e) go ndéanfar an t-athrú a cheapadh agus a chur i bhfeidhm ar dhóigh atá trédhearcach agus neodrach ó thaobh ioncaim de ar chuid de bhóthar ar a mbíonn brú tráchta, trí rátaí dola laghdaithe a thairiscint [...] **d'úsáideoirí bóthair** a thaistealaíonn le linn tréimhsí seachbhuaice agus rátaí dola méadaithe [...] **d'úsáideoirí bóthair** a thaistealaíonn le linn buaicthréimhsí ar an gcuid chéanna den bhóthar**;**

   **(f) ní thoibhítear aon mhuirear brú tráchta ar an stráice bóthair lena mbaineann.**

Ballstát ar mian leis athrú den sórt sin a thabhairt isteach nó an cleachtas atá ann cheana a athrú, cuirfidh sé é sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh sé ar fáil dó an fhaisnéis is gá chun a mheasúnú an gcomhlíontar na coinníollacha.

2. Go dtí [...] **go gcuirtear an t-athrú ar mhuirir bhonneagair agus muirir ar úsáideoir, dá dtagraítear in Airteagal 7g-a i bhfeidhm**, i ndáil le feithiclí tromshaothair, athróidh na Ballstáit an muirear bonneagair de réir aicme astaíochtaí EURO na feithicle sa chaoi nach mó aon mhuirear bonneagair ná 100 % os cionn an mhuirir chéanna ar fheithiclí comhionanna a chomhlíonann na caighdeáin astaíochtaí is déine. **Ach a n-athrófar na muirir bhonneagair agus na muirir ar úsáideoir, de bhun Airteagal 7g-a, cuirfidh na Ballstáit deireadh leis an éagsúlacht de réir aicme astaíochtaí an EURO.** [...]

**Féadfaidh na Ballstáit laghdú suas le 75 % a chur i bhfeidhm ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha i gcomparáid leis an muirear ar na caighdeáin astaíochtaí is déine ón [*IO: cuir isteach an dáta a dtiocfaidh an Treoir leasaitheach seo i bhfeidhm*].**

Mar sin féin, féadfaidh Ballstát maolú a thabhairt ón gceanglas an muirear bonneagair a athrú más rud é:

(i) go mbainfeadh sé an bonn ó chomhleanúnachas na gcóras dolaí ar a chríoch;

(ii) nach mbeadh sé praiticiúil go teicniúil difreáil den sórt sin a thabhairt isteach sa chóras dolaí lena mbaineann;

(iii) go bhfágfadh sé sin go ndéanfaí na feithiclí is mó truailliú a atreorú agus go mbeadh tionchar díobhálach aige sin ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an tsláinte phoiblí dá bharr;

(iv) go bhfuil muirear costas seachtrach ina chuid den dola.

Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon mhaolú nó díolmhú den sórt sin.

3. I gcás ina ndéanfar seiceáil, mura féidir le tiománaí nó, más iomchuí, leis an oibreoir iompair, na doiciméid feithicle a thaispeáint is gá chun fíorú a dhéanamh ar aicme astaíochtaí na feithicle chun críocha mhír 2, **agus mura féidir le soláthraí Sheirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa (SDLE), i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis sin a thabhairt,** féadfaidh na Ballstáit dolaí a ghearradh suas go dtí an leibhéal inmhuirearaithe is airde.

**4. Ní cheapfar na hathruithe dá dtagraítear san Airteagal seo chun athruithe ar ioncam a ghiniúint.**

**(7a) cuirtear isteach an tAirteagal 7g-a seo a leanas:**

*"Airteagal 7g-a*

**1. Cuirfidh na Ballstáit éagsúlacht ar mhuirir bhonneagair agus muirir ar úsáideoir d'fheithiclí tromshaothair, i gcomhréir leis an Airteagal seo, i bhfeidhm.**

**Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm ar fhoghrúpa feithiclí tromshaothair dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme atá ábhartha don fhoghrúpa sin, amhail dá dtagraítear i mír 2 nó 3.**

**Ón dáta sin amach, scoirfidh na Ballstáit den athrú i gcomhréir leis an aicme astaíochtaí EURO, dá bhforáiltear in Airteagal 7g, i ndáil leis an bhfeithicil tromshaothair atá i gceist.**

**1a. Cinnfidh na Ballstáit na haicmí astaíochtaí $CO_2$ seo a leanas maidir le gach cineál feithicil tromshaothair:**

**(a) Astaíochtaí $CO_2$ aicme 1 – na feithiclí sin nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (b) go (e);**

**(b) Astaíochtaí $CO_2$ aicme 2 – feithiclí le hastaíochtaí $CO_2$ is ísle ná, nó is cothrom leis an dara luach tagartha dá bhfoghrúpa feithiclí sonracha ach nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (c) go (e);**

**(c) Astaíochtaí $CO_2$ aicme 3 – feithiclí le hastaíochtaí $CO_2$ is ísle ná, nó is cothrom leis an gcéad luach tagartha dá bhfoghrúpa feithiclí sonracha ach nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (d) go (e);**

(d) **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 4 – feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2019/1242;**

(e) **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 5 – feithiclí astaíochtaí nialasacha.**

**1b. Beidh feidhm ag an leibhéal is airde muirir bhonneagair nó muirir ar úsáideoir le haghaidh cineál ar leith feithicle tromshaothair maidir leis na feithiclí sin a thagann faoi aicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$. Beidh feidhm ag muirir laghdaithe maidir le feithiclí a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ aicmí 2, 3, 4 agus 5, mar a leanas:**

– **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 2 –laghdú idir 5 % agus 15 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ aicme 1;**

– **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 3 –laghdú idir 15 % agus 30 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ aicme 1;**

– **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 4 –laghdú idir 30 % agus 50 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ aicme 1;**

– **Astaíochtaí $CO_2$ aicme 5 –laghdú idir 50 % agus 75 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ aicme 1.**

**2. I gcás na bhfeithiclí tromshaothair dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na chéad agus na dara luachanna tagartha, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(30) agus 2(31), faoi seach, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9c(3). Bunófar na luachanna tagartha sin ar na sonraí faireacháin dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1242. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin, laistigh de 6 mhí, tar éis fhoilsithe na hastaíochtaí tagartha $CO_2$, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, atá ábhartha d'fhoghrúpa sonrach feithiclí tromshaothair.**

**Thairis sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9c(3), lena socrófar luachanna tagartha nua, laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm aon choigeartú ábhartha ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ arna ghlacadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán 2019/1242.**

3. **Maidir le feithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear faoi mhí 2, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na chéad agus na dara luachanna tagartha ar bhonn na n-astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh gach grúpa feithiclí tromshaothair arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán 2018/956. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 9c(3) agus laistigh de bhliain de na sonraí a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le Rialachán 2018/956.**

**Chun astaíochtaí $CO_2$ aicme 4 a bhunú, déanfaidh an Coimisiún an mhodheolaíocht a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242, a chur i bhfeidhm.**

4. **I dtaca leis na feithiclí dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9c(3), chun oiriúnú a dhéanamh, bunaithe ar na sonraí faireacháin is déanaí, ar na luachanna peircintíle a shainmhínítear in Airteagal 2(30) agus 2(31) lena ndeighltear na haicmí astaíochta $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1a. Déanfar an chéad ghníomh cur chun feidhme a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2026, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.**

**Dhá mhí dhéag tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme i dtrácht a thiocfaidh na luachanna oiriúnaitheacha i bhfeidhm.**

7. **Ní cheapfar na hathruithe dá dtagraítear san Airteagal seo chun athruithe ar ioncam a ghiniúint."**

(8) cuirtear isteach an tAirteagal 7ga seo a leanas:

*"Airteagal 7ga*

1. I gcás feithiclí saothair éadroim, féadfaidh na Ballstáit dolaí agus muirir ar úsáideoir a athrú de réir fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle, mar a shainmhínítear leis na hastaíochtaí comhcheangailte sonracha $CO_2$, nó ualaithe carntha, arna dtaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle, agus ag feidhmíocht astaíochtaí na hEorpa.

Beidh feidhm ag rátaí níos ísle dolaí agus muirir ar úsáideoir i gcás gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go mbeidh a n-astaíochtaí sonracha $CO_2$, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151[8] ón gCoimisiún, nialas nó faoi bhun na leibhéal seo a leanas:

(i) don tréimhse 2021 go 2024, meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe ar líon na ngluaisteán paisinéirí nó na bhfeithiclí nua tráchtála éadroma a chláraítear, sa bhliain sin, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 4 de Chuid A agus Cuid B faoi seach d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9];

(ii) don tréimhse 2021 go 2024, na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

(iii) Don tréimhse ó 2030 i leith, na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(b) sonrófar na hastaíochtaí truailleán a bhaineann leo, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, sa tábla in Iarscríbhinn VII, a ghabhann leis an Treoir seo.

---

8 Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008

9 Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán paisinéirí agus na bhfeithiclí nua tráchtála éadroma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011

3. I gcás ina ndéanfar seiceáil, mura féidir le tiománaí nó, más iomchuí, leis an oibreoir iompair, **nó le soláthraí Sheirbhís Dolaí Leictreonacha na hEorpa (SDLE), i gcás inarb iomchuí,** fíorú a dhéanamh ar leibhéil astaíochtaí na feithicle, féadfaidh na Ballstáit dolaí nó muirir bhliantúil ar úsáideoir a ghearradh suas go dtí an leibhéal inmhuirearaithe is airde."

(9) Leasaítear Airteagal 7h mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

"Ar a laghad sé mhí sula gcuirfear chun feidhme socrú dolaí maidir le muirear bonneagair, ar socrú nua nó socrú atá leasaithe go substaintiúil é, cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún:";

**(aa) Cuirtear isteach mír 1a mar a leanas:**

**"1a. Nuair a bheidh faisnéis á cur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh na Ballstát foráil a dhéanamh do leasú amháin nó níos mó ar an socrú dolaí muirir bonneagair. Ní bheidh cur chun feidhme an leasaithe sin dá bhforáiltear, ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas cheana faoi, faoi réir fhorálacha mhír 1."**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Sula gcuirfear chun feidhme socrú dolaí maidir le muirear costas seachtrach, ar socrú nua nó socrú atá leasaithe go substaintiúil é, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin ngréasán lena mbaineann, na rátaí a bhfuiltear ag súil leo in aghaidh na catagóire feithicle agus na haicme astaíochtaí, **agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas i gcomhréir le pointe (2) d'Iarscríbhinn IIIa, nó pointe (2) d'Iarscríbhinn V**.";

(c) scriostar mír 4;

(10) Leasaítear Airteagal 7i mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus phointe (c):

"(b) léireoidh lascainí nó laghduithe den sórt sin coigilteas iarbhír ar chostais riaracháin sa dóigh a gcaitear le húsáideoirí rialta le hais úsáideoirí ócáideacha;

(c) ní sháróidh na lascainí nó na laghduithe sin 13 % den mhuirear bonneagair a íocfaidh feithiclí comhionanna nach bhfuil i dteideal lascaine nó laghdú.";

**(aa) cuirtear isteach mír 2a mar a leanas:**

**"2a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do lascainí nó laghduithe ar an muirear bonneagair do ghluaisteáin phaisinéirí i gcás úsáideoirí rialta <u>go háirithe</u> i réimsí na lonnaíochtaí scaipthe agus ar imeall cathracha. Ní dhéanfar laghdú ar ioncam mar gheall ar lascaine arna dheonú d'úsáideoirí rialta a fhorchur ar úsáideoirí eile nach úsáideoirí rialta iad."**

(b) leasaítear mír 3 mar seo a leanas:

"3. Faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 7g(1)(b) [...] , féadfaidh rátaí dola, i ndáil le tionscadail ar leith a bhfuil leas mór iontu don Eoraip arna sainaithint in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, féadfaidh siad a bheith faoi réir bealaí eile leis na rátaí a athrú chun inmharthanacht tráchtála na dtionscadal sin a áirithiú i gcás ina bhfágtar gan chosaint iad ar iomaíocht dhíreach le modhanna eile iompair. Beidh an struchtúr muirear a bheidh ann dá bharr líneach, comhréireach, curtha in iúl don phobal agus curtha ar fáil do gach úsáideoir ar théarmaí comhionanna agus ní bheidh mar thoradh air go ngearrfar costais bhreise ar úsáideoirí eile i bhfoirm dolaí níos airde.";

(11) Leasaítear Airteagal 7j mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Chuige sin, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun modhanna a chur ar bun chun go bhféadfaidh úsáideoirí bóithre dolaí agus muirir ar úsáideoir a íoc 24 huaire in aghaidh an lae, **go leictreonach nó** sna mór-ionaid díola ar a laghad, agus modhanna íocaíochta comónta á n-úsáid acu, laistigh agus lasmuigh de na Ballstáit ina gcuirtear i bhfeidhm iad. **Níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit pointí fisiciúla íocaíochta a chur ar fáil.";**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina dtoibheoidh Ballstát dola ar fheithicil, léireofar suim iomlán an dola, suim an mhuirir bonneagair, suim an mhuirir costas seachtrach, agus suim an mhuirir brú tráchta, i gcás ina ngearrfar é, in admháil a thabharfar don úsáideoir bóithre, i gcás inar féidir é i bhfoirm leictreonach. **Féadfaidh an t-úsáideoir bóthair toiliú gan an admháil a fháil.";**

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"I gcás inarb indéanta go heacnamaíoch, toibheoidh agus baileoidh na Ballstáit muirir costas seachtrach agus muirir brú tráchta trí bhíthin córas leictreonach **dolaí bóthair** a chomhlíonann [...] **forálacha** Airteagal [...] **3(1)** de Threoir [...] **(AE) 2019/520**.";

(12) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 7k:

*"Airteagal 7k*

Gan dochar d'Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní dhéanann an Treoir seo difear do shaoirse na mBallstát a thugann isteach córas dolaí chun cúiteamh iomchuí a sholáthar.";

(13) in Airteagal 8, **cuirtear an méid a leanas in ionad phointí (a) agus (b)** de mhír 2 [...] :

[...] [...] **"(a) "(a) tabharfaidh íocaíocht an mhuirir choitinn ar úsáideoir rochtain ar an ngréasán arna shainiú ag na Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (2);**

**(b) socróidh na Ballstáit rannpháirteacha na rátaí coiteanna muirir a chuirfear ar úsáideoirí ar leibhéil nach airde iad ná na huasrátaí dá dtagraítear in Airteagal 7a;"**

(14) Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, scriostar an dara fomhír;

[...] [...] [...] [...] [...] .";

**(14a) Cuirtear mír 3 le hAirteagal 9c mar a leanas:**

**"3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011."**

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9d agus Airteagal 9e:

*"Airteagal 9d*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9e chun Iarscríbhinn 0, **na foirmlí i ranna 4.1 agus 4.2 d'Iarscríbhinn IIIa agus** na suimeanna i dTábla[...] 1 [...] in Iarscríbhinn IIIb[...] chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

*Airteagal 9e*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in [...] Airteagal 9d a thabhairt don Choimisiún go ceann [...] **tréimhse cúig bliana** amhail ó ***[IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].*** **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in [...] Airteagal 9d a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun [...] Airteagal 9d i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.";

(16) Scriostar Airteagail 9f agus 9g;

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10a:

*"**<u>Airteagal 10a</u>***

1. Déanfar na suimeanna in euro a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus na suimeanna in cent a leagtar síos i dTábla[...] 1 [...] in Iarscríbhinn IIIb a oiriúnú gach dhá bhliain chun athruithe ar an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna uile-Aontais do Thomhaltóirí, seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat), a chur san áireamh. Déanfar an chéad oiriúnú faoin 31 Márta ***[IO: cuir isteach an bhliain i ndiaidh dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].***

Oiriúnófar na suimeanna go huathoibríoch, tríd [...] an mbunsuim **a oiriúnú** in euro nó cent de réir an athraithe céatadáin san innéacs sin. Déanfar na suimeanna a bheidh ann mar thoradh air sin a shlánú suas go dtí an EURO Is gaire i dtaca le hIarscríbhinn II, go dtí an deichiú is gaire de cent i dtaca le Tábla 1 in Iarscríbhinn IIIb.

2. Faoi 31 Márta na bliana tar éis dheireadh dhá bhliain féilire dá dtagraítear i mír 1, foilseoidh an Coimisiún na suimeanna oiriúnaithe dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh na suimeanna oiriúnaithe sin i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis a bhfoilsithe.";

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*"Airteagal 11*

1. **Gach cúig bliana** [...] , cuirfidh na Ballstáit ar fáil don phobal tuarascáil i bhfoirm chomhiomlán maidir le dolaí agus muirir ar úsáideoir a thoibhítear ar a gcríocha féin[...] .

2. Sa tuarascáil a chuirfear ar fáil don phobal de bhun mhír 1, áireofar faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) an meánmhuirear ualaithe costas seachtrach a thoibhítear i gcás gach teaglaim d'aicme feithicle, de chineál bóthair agus de thréimhse ama;

   (b) an t-athrú ar mhuirir bhonneagair nó **muirir ar úsáideoir** de réir **chatagóir na feithicle** agus an chineál feithicle **tromshaothair**[...] ;

   (c) an meánmhuirear ualaithe costas bonneagair [...] agus an t-ioncam iomlán a thiomsaítear leis an muirear bonneagair[...] ;

   (d) an t-ioncam iomlán a tiomsaíodh le muirir costas seachtrach;

   (e) an t-ioncam iomlán a tiomsaíodh le muirir brú tráchta;

(f) an t-ioncam iomlán a tiomsaíodh le dolaí agus/nó muirir ar úsáideoir;

(g) faisnéis maidir leis an úsáid a baineadh as ioncaim a gineadh trí chur i bhfeidhm na Treorach seo, agus maidir le conas a thug an úsáid sin deis don Bhallstát na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) [...] a bhaint amach;

[...]

[...]

3. [...] [...] [...] [...]

4. [...]

5. [...] ";

([...] **19**) Leasaítear na hIarscríbhinní mar seo a leanas:

(a) Leasaítear Iarscríbhinní 0, IIIa, IIIb agus IV mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

(b) Cuirtear Iarscríbhinní **IIIc,** V, VI agus VII isteach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin **[*IO: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm móide 2 bhliain*]** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

(1) Leasaítear Iarscríbhinní 0, III, IIIa, IIIb agus IV mar a leanas:

(a) In Iarscríbhinn 0, leasaítear Roinn 3 mar a leanas:

[...] [...] [...] (iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach leis:

**'Teorainneacha astaíochtaí EURO VI**

| | Teorainnluachanna | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | CO (mg/kWh) | THC (mg/kWh) | NMHC (mg/kWh) | $CH_4$ (mg/kWh) | $NO_X$ (1) (mg/kWh) | $NH_3$ (ppm) | Mais PM (mg/kWh) | Uimhir PM (#/kWh) |
| WHSC (AC) | 1500 | 130 | | | 400 | 10 | 10 | $8,0 \times 10^{11}$ |
| WHTC (AC) | 4000 | 160 | | | 460 | 10 | 10 | $6,0 \times 10^{11}$ |
| WHTC (AD) | 4000 | | 160 | 500 | 460 | 10 | 10 | $6,0 \times 10^{11}$ |

Tabhair faoi deara:

AD = Adhaint Dheimhneach.

AC = Adhaint Chomhbhrú.

(1) Féadfar leibhéal inghlactha an chomhábhair $NO_2$ sa teorainnluach $NO_x$ a shainiú tráth níos faide anonn.';

(b) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(i) Leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

- i bpointe 2.1., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleasc:

'- Déanfar na costais a chionroinnt ar fheithiclí tromshaothair ar bhonn oibiachtúil trédhearcach agus an cion de thrácht feithiclí tromshaothair atá le hiompar ar an ngréasán agus na costais a bhaineann leis sin a chur san áireamh. Féadfar na ciliméadair feithicle arna dtaisteal ag feithiclí tromshaothair a choigeartú chun na críche sin le 'fachtóirí coibhéise' lena bhfuil údar oibiachtúil amhail iad sin a leagtar amach i bpointe 4[10].';

- i bpointe 2.2., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

'- Déanfar na costais sin a chionroinnt idir trácht feithiclí tromshaothair agus trácht eile ar bhonn cion iarbhír agus tuartha de chiliméadair feithiclí agus féadfar iad a choigeartú le fachtóirí coibhéise lena bhfuil údar oibiachtúil amhail iad sin a leagtar amach i bpointe 4.';

(ii) i Roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil agus in ionad na chéad fhleisce:

'4. CION DE THRÁCHT FEITHICLÍ TROMSHAOTHAIR, FACHTÓIRÍ COIBHÉISE AGUS SÁSRA CEARTÚCHÁIN

– Bunófar ríomh na ndolaí ar chion iarbhír nó tuartha de chiliméadair feithiclí tromshaothair arna gcoigeartú, más inmhianaithe, le fachtóirí coibhéise, chun na costais mhéadaithe a bhaineann leis an mbonneagar a thógáil agus a dheisiú lena úsáid ag feithiclí tromshaothair a chur san áireamh mar is iomchuí.';

---

10 Agus na Ballstáit ag cur fachtóirí coibhéise i bhfeidhm, is féidir go gcuirfear san áireamh tógáil bóthair a fhorbraítear ar bhonn céimnithe nó cur chuige i leith saolré fhada a úsáid

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa:

'IARSCRÍBHINN IIIa

**ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE MUIREAR COSTAS SEACHTRACH A THOBHACH**

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na híoscheanglais maidir le muirear costas seachtrach a thobhach agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le huasmhuirear costas seachtrach a ríomh.

**1. Na codanna den ghréasán bóithre lena mbaineann**

Sonróidh an Ballstát go beacht an chuid sin nó na codanna sin den ghréasán bóithre aige a bheidh faoi réir muirear costas seachtrach.

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirear costas seachtrach a thobhach i leith cuid nó codanna den ghréasán bóithre atá mar chuid dá chion féin den ghréasán tras-Eorpach agus dá mhótarbhealaí, agus i leith na coda sin nó na gcodanna sin amháin, roghnófar an chuid sin nó na codanna sin i ndiaidh measúnú a dhéanamh lena mbunófar an méid seo a leanas:

– déanfaidh feithiclí a bhaineann úsáid as na bóithre, i gcás ina gcuirtear an muirear costas seachtrach i bhfeidhm, damáiste níos mó don chomhshaol ná an damáiste a dhéantar ar an meán arna mheasúnú i gcomhréir le tuairisciú maidir le cáilíocht an aeir, fardail astaíochtaí náisiúnta, méideanna an tráchta agus, i gcás torainn, i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE, **nó foinse sonraí choibhéiseach eile**, nó

– dá ndéanfaí muirear costas seachtrach a fhorchur ar chodanna eile den ghréasán bóithre atá den chineál sin, d'fhéadfadh sin tionchar díobhálach a bheith aige ar an gcomhshaol nó ar shábháilteacht ar bhóithre, nó dá ndéanfaí muirear costas seachtrach a thobhach nó a bhailiú ina leith, bheadh an costas sin díréireach.

## 2. Na feithiclí, na bóithre agus an tréimhse ama a chumhdaítear

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde a chur i bhfeidhm ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb **nó in Iarscríbhinn IIIc**, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún aicmí na bhfeithiclí ar dá réir a n-athróidh an muirear costas seachtrach. **I gcás inarb infheidhme**, cuirfidh sé [...] in iúl don Choimisiún chomh maith suíomh na mbóithre atá faoi réir muirir costas seachtrach níos airde (dá ngairtear 'bóithre fo-uirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)' anseo feasta), nó suíomh na mbóithre atá faoi réir muirir costas seachtrach níos ísle (dá ngairtear 'bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)' anseo feasta).

I gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún chomh maith na tréimhsí ama cruinne a chomhfhreagraíonn do thréimhse na hoíche ina bhféadfar muirear costas seachtrach níos airde i leith torainn a fhorchur chun núiseanna torainn níos mó a léiriú.

Maidir leis na bóithre a aicmiú ina mbóithre fo-uirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí) agus ina mbóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí), agus maidir le tréimhsí ama a shainiú, bunófar an méid sin ar chritéir oibiachtúla maidir le leibhéal neamhchosanta na mbóithre agus a gcomharsanachta ar an truailliú, amhail dlús daonra, an meán bliantúil maidir le truailliú aeir (go háirithe do $PM_{10}$ agus $NO_2$) agus an líon laethanta (do $PM_{10}$) agus uaireanta ($NO_2$) a sháröfar teorainnluachanna arna mbunú faoi Threoir 2008/50/CE. Cuirfear na critéir a úsáidfear san fhógra.

## 3. Suim an mhuirir

Beidh feidhm ag an roinn seo i gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde a chur i bhfeidhm ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb nó **in Iarscríbhinn IIIc**.

Maidir le gach aicme feithicle, cineál bóthair agus tréimhse ama, **de réir mar is infheidhme**, cinnfidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách suim shonrach aonair. Beidh an struchtúr muirearaithe dá thoradh sin trédhearcach, cuirfear in iúl don phobal é agus cuirfear ar fáil do gach úsáideoir é ar théarmaí comhionanna. Ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú go tráthúil sula gcuirfear chun feidhme é. Chun go dtuigfear cén dóigh a ríomhtar na míreanna éagsúla a bhaineann leis na costais sheachtracha, cuirfear gach paraiméadar, gach sonra agus gach faisnéis eile is gá ar fáil don phobal.

Agus na muirir á socrú, beidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách faoi threoir ag prionsabal na praghsála éifeachtúla ar praghas é atá gar do chostas imeallach sóisialta ar úsáid na feithicle ar a ngearrfar an muirear.

Socrófar an muirear i ndiaidh an riosca ar atreorú tráchta a mheas chomh maith le haon tionchar díobhálach ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an gcomhshaol agus ar bhrú tráchta, agus i ndiaidh aon réitigh a mheas chun na rioscaí sin a mhaolú.

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách, faireachán ar éifeachtacht na scéime muirearaithe chun damáiste don chomhshaol de dheasca iompair de bhóthar a laghdú. Cuirfidh an Ballstát gach dhá bhliain, i gcás inarb iomchuí, an struchtúr muirearaithe agus suim shonrach an mhuirir a shocrófar le haghaidh aicme ar leith feithicle, cineál bóthair agus tréimhse ama in oiriúint do na hathruithe i soláthar agus éileamh an iompair.

**4. Míreanna a bhaineann le costais sheachtracha**

4.1. Costas a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde a chur i bhfeidhm ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb, ríomhfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$PCV_{ij} = \sum_k EF_{ik} \times PC_{jk}$$

más rud é:

— $PCV_{ij}$ = costas de dheasca truailliú aeir i leith aicme feithicle i ar chineál bóthair j (euro/feithicil.ciliméadar)

— $EF_{ik}$ = fachtóir astaíochta truailleán k agus aicme feithicle i (gram/feithicil.ciliméadar)

— $PC_{jk}$ = costas airgeadaíochta truailleán k le haghaidh cineál bóthair j (euro/gram)

Beidh na fachtóirí astaíochta mar an gcéanna leo sin arna n-úsáid ag an mBallstát chun na fardail astaíochtaí náisiúnta a bhunú dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú[11] (lena gceanglaítear úsáid Treoirleabhar EMEP/EEA maidir le Fardail Astaíochtaí[12]). Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 7c(4), an costas airgeadaíochta a bhaineann le truailleáin a mheas, de réir modhanna a bhfuil bunús eolaíoch leo.

Féadfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách modhanna eile a bhfuil bunús eolaíoch leo a chur i bhfeidhm chun an luach ar na costais a bhaineann le truailliú aeir a ríomh agus úsáid á baint as sonraí a fhaightear de bharr truailleáin aeir a thomhas agus chun an luach áitiúil ar an gcostas airgeadaíochta a bhaineann le truailleáin aeir a ríomh.

4.2. Costas a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde a chur i bhfeidhm ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb, ríomhfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta trí na foirmlí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$NCV_j\ (daily) = e \times \Sigma_k\ NC_{jk} \times POP_k / WADT$$

$$NCV_j\ (day) = a \times NCV_j$$

$$NCV_j\ (night) = b \times NCV_j$$

---

11 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1)

12 Modheolaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil:http://www.eea.europa.eu//publications/emep-eea-guidebook-2016

más rud é:

| | | | |
|---|---|---|---|
| — | $NCV_j$ = | | costas de dheasca torainn i leith feithicle amháin earraí troma ar chineál bóthair j (euro/feithicil.ciliméadar) |
| — | $NC_{jk}$ = | | costas de dheasca torainn in aghaidh gach duine neamhchosanta ar chineál bóthair j do leibhéal torainn k (euro/duine) |
| — | $POP_k$ = | | pobal neamhchosanta ar leibhéal laethúil torainn k in aghaidh gach ciliméadair (duine/ciliméadar) |
| — | WADT = | | meántrácht laethúil ualaithe (coibhéis gluaisteáin paisinéirí) |
| — | go bhfuil a agus b | | ina bhfachtóirí ualúcháin arna gcinneadh ag an mBallstát ar shlí go gcomhfhreagraíonn an meánmhuirear ualaithe de dheasca torainn in aghaidh gach ciliméadair feithicle do $NCV_j$ (laethúil). |

Baineann an truailliú torainn de dheasca tráchta le hiarmhairt an torainn ar shláinte na saoránach i ngiorracht don bhóthar.

Bainfear na sonraí maidir leis an bpobal atá neamhchosanta ar leibhéal torainn k as na léarscáileanna torainn straitéiseacha a dhréachtaítear faoi Airteagal 7 de Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [13]**, nó ó fhoinse sonraí choibhéiseach eile.**

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách, an costas in aghaidh gach duine neamhchosanta ar leibhéal torainn k a mheas, de réir modhanna a bhfuil bunús eolaíoch leo.

**13** Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann comhshaoil a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

Is é a bheidh sa mheántrácht ualaithe laethúil fachtóir coibhéise 'e' idir feithiclí earraí troma agus gluaisteáin paisinéirí a gheofar ar bhonn leibhéil astaíochtaí torainn an mheánghluaisteáin agus na meánfheithicle earraí troma agus ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le leibhéal na fuaime ó mhótarfheithiclí agus ó chórais tosta athsholáthair, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE.

Féadfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách, muirir idirdhealaithe a bhaineann le torann a bhunú chun úsáid feithiclí atá níos ciúine a chúiteamh ar choinníoll nach mbeidh aon idirdhealú in aghaidh feithiclí ó thíortha iasachta dá thoradh sin.

**4.3. An costas a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta**

**I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc a chur i bhfeidhm ar astaíochtaí $CO_2$, ríomhfaidh an Ballstát sin nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus úsáid á baint as cur chuige an chostais seachanta, agus na gnéithe a leanas go háirithe á gcur san áireamh agus á míniú:**

- **rogha an spriocleibhéil astaíochtaí;**
- **meastachán ar na roghanna maidir le maolú;**
- **meastachán ar an gcás bunlíne;**
- **col riosca agus caillteanais;**
- **ualú cothromais.**

**Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, sé mhí ar a laghad sula gcuirfear chun feidhme muirear costais sheachtraigh den sórt sin le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ .";**

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIb:

**'IARSCRÍBHINN IIIb**

**LUACHANNA TAGARTHA AN MHUIRIR COSTAS SEACHTRACH**

Leagtar amach san Iarscríbhinn luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach, lena n-áirítear an costas atá le truailliú aeir agus torainn.

Tábla 1: luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh feithiclí earraí troma

| *Aicme feithicle* | *cent/feithicil-ciliméadar* | **Fo-uirbeach**[(1)] | **Idiruirbeach**[(2)] |
|---|---|---|---|
| *Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe*<br>*is lú ná [...]**12** thona*<br>*nó ar a bhfuil dhá acastóir* | *EURO 0* | [...] **18,6** | [...] **9,9** |
| | *EURO I* | [...] **12,6** | [...] **6,4** |
| | *EURO II* | [...] **12,5** | [...] **6,3** |
| | *EURO III* | [...] **9,6** | [...] **4,8** |
| | *EURO IV* | [...] **7,3** | [...] **3,4** |
| | *EURO V* | [...] **4,4** | [...] **1,8** |
| | *EURO VI* | [...] **2,3** | [...] **0,5** |
| | *Ar lú an truailliú uaithi ná EURO VI,* ***lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha*** | [...] **2,0** | 0,3 |
| *Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe* | *EURO 0* | [...] **24,6** | [...] **13,7** |
| | *EURO I* | [...] **15,8** | [...] **8,4** |
| | *EURO II* | [...] **15,8** | [...] **8,4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *idir [...]**12** thona agus [...] **18** dtona*<br><br>*nó ar a bhfuil trí acastóir* | *EURO III* | [...] **12,5** | [...] **6,6** |
| | *EURO IV* | [...] **9,2** | [...] **4,5** |
| | *EURO V* | [...] **5,6** | [...] **2,7** |
| | *EURO VI* | [...] **2,8** | [...] **0,7** |
| | *Ar lú an truailliú uaithi ná EURO VI,* ***lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha*** | [...] **2,3** | 0,3 |
| *Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe*<br><br>*idir [...]**18** thona agus [...] **32** dtona*<br><br>*nó ar a bhfuil ceithre acastóir* | *EURO 0* | [...] **27,8** | [...] **15,8** |
| | *EURO I* | [...] **20,4** | [...] **11,3** |
| | *EURO II* | [...] **20,4** | [...] **11,2** |
| | *EURO III* | [...] **16,3** | [...] **8,9** |
| | *EURO IV* | [...] **11,8** | [...] **6,0** |
| | *EURO V* | [...] **6,6** | [...] **3,4** |
| | *EURO VI* | [...] **3,1** | 0,8 |
| | *Ar lú an truailliú uaithi ná EURO VI,* ***lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha*** | 2,5 | 0,3 |
| *Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe* | *EURO 0* | [...] **33,5** | [...] **19,4** |
| | *EURO I* | [...] **25,0** | [...] **14,1** |
| | *EURO II* | [...] **24,9** | [...] **13,9** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *atá os cionn [...]* ***32*** *thona* *nó ar a bhfuil 5 acastóir nó níos mó* | *EURO III* | [...] **20,1** | [...] **11,1** |
| | *EURO IV* | [...] **14,2** | [...] **7,5** |
| | *EURO V* | [...] **7,6** | [...] **3,8** |
| | *EURO VI* | [...] **3,4** | [...] **0,8** |
| | *Ar lú an truailliú uaithi ná EURO VI,* ***lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha*** | [...] **2,8** | 0,3 |

(1) Ciallaíonn (1) "fo-uirbeach" limistéir ina bhfuil dlús daonra idir 150 agus 900 cónaitheoir/$km^2$ (dlús daonra airmheánach dar méid 300 cónaitheoir/$km^2$).

(2) Ciallaíonn 'idiruirbeach' limistéir ina bhfuil dlús daonra faoi bhun 150 cónaitheoir/$km^2$.

[***Tábla scriosta***]

Féadfar luachanna Thábla [...] 1 agus Thábla [...] 2 a iolrú faoi fhachtóir suas le 2 i gceantair shléibhe agus i ngiorracht do cheirtleáin a mhéid a bhfuil údar leis sin i ngeall ar scaipeadh níos ísle, ar ghrádán bóithre, airde nó inbhéartuithe teochta.';

(da) **Cuirtear isteach Iarscríbhinn IIIc nua mar a leanas:**

**'IARSCRÍBHINN IIIc**

**LUACHANNA TAGARTHA AN MHUIRIR COSTAS SEACHTRACH LE hAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$**

Leagtar amach san Iarscríbhinn luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach, lena gcuirtear san áireamh an costas atá le hastaíochtaí $CO_2$.

*Tábla 1: luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí earraí troma*

| **Aicme feithicle** | **cent/feithicil-ciliméadar** | **Bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)** |
|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe is lú ná 12 thona nó ar a bhfuil dhá acastóir | EURO 0 | 4,5 |
| | EURO I | 4,0 |
| | EURO II | 4,0 |
| | EURO III | 4,0 |
| | EURO IV | 4,0 |
| | EURO V | 4,0 |
| | EURO VI | 4,0 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | 2,0 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | 0 |
| Feithicil earraí troma ag a | EURO 0 | 6,0 |

| | | |
|---|---|---|
| bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe<br><br>idir 12 thona agus 18 dtona<br><br>nó ar a bhfuil trí acastóir | EURO I | 5,2 |
| | EURO II | 5,2 |
| | EURO III | 5,2 |
| | EURO IV | 5,0 |
| | EURO V | 5,0 |
| | EURO VI | 5,0 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | 2,5 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | 0 |

| **Aicme feithicle** | **cent/feithicil-ciliméadar** | **Bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)** |
|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe<br><br>idir 18 dtona agus 32 thona<br><br>nó ar a bhfuil ceithre acastóir | EURO 0 | 7,9 |
| | EURO I | 6,9 |
| | EURO II | 6,9 |
| | EURO III | 6,9 |
| | EURO IV | 6,7 |
| | EURO V | 6,7 |
| | EURO VI | 6,7 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | 3,4 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | 0 |

| | | |
|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uas-ollmheáchan ualaithe incheadaithe atá os cionn 32 thona nó ar a bhfuil 5 acastóir nó níos mó | EURO 0 | 9,1 |
| | EURO I | 8,1 |
| | EURO II | 8,1 |
| | EURO III | 8,1 |
| | EURO IV | 8,0 |
| | EURO V | 8,0 |
| | EURO VI | 8,0 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | 4,0 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | 0 |

(e) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla dar ceannteideal 'Feithicil leantóirchúpláilte (feithiclí altacha agus traenacha bóthair)':

**'FEITHICLÍ LEANTÓIRCHÚPLÁILTE (FEITHICLÍ ALTACHA AGUS TRAENACHA BÓTHAIR)**

| Acastóirí tiomána le haerchrochadh nó a gcoibhéis aitheanta | Córais aerchrochta acastóra tiomána eile | Aicme damáiste |
|---|---|---|
| Líon acastóirí agus oll-uasmheáchan ualaithe incheadaithe (i dtonaí) | Líon acastóirí agus oll-uasmheáchan ualaithe incheadaithe (i dtonaí) | |

| Nach lú ná | Ar lú ná | Nach lú ná | Ar lú ná | |
|---|---|---|---|---|
| *2 + 1 acastóir* | | | | |
| 7,5<br><br>12<br><br>14<br><br>16<br><br>18<br><br>20<br><br>22<br><br>23<br><br>25 | 12<br><br>14<br><br>16<br><br>18<br><br>20<br><br>22<br><br>23<br><br>25<br><br>28 | 7,5<br><br>12<br><br>14<br><br>16<br><br>18<br><br>20<br><br>22<br><br>23<br><br>25 | 12<br><br>14<br><br>16<br><br>18<br><br>20<br><br>22<br><br>23<br><br>25<br><br>28 | I |
| *2 + 2 acastóir* | | | | |
| 23<br><br>25<br><br>26<br><br>28 | 25<br><br>26<br><br>28<br><br>29 | 23<br><br>25<br><br>26<br><br>28 | 25<br><br>26<br><br>28<br><br>29 | |
| 29 | 31 | 29 | 31 | II |
| 31 | 33 | 31 | 33 | |
| 33<br><br>36 | 36<br><br>38 | 33 | 36 | III |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *2 + 3 acastóir* | | | | II |
| 36<br><br>38 | 38<br><br>40 | 36 | 38 | |
| | | 38 | 40 | III |
| ***2 + 4 acastóir*** | | | | **II** |
| **36**<br><br>**38** | **38**<br><br>**40** | **36** | **38** | |
| | | **38** | **40** | **III** |
| ***3 + 1 acastóir*** | | | | **II** |
| **30**<br><br>**32** | **30**<br><br>**35** | **30** | **32** | |
| | | **32** | **35** | **III** |
| *3 + 2 acastóir* | | | | II |
| 36<br><br>38 | 38<br><br>40 | 36 | 38 | |
| | | 38<br><br>40 | 40<br><br>44 | III |
| 40 | 44 | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *3 + 3 acastóir* | | | | |
| 36<br><br>38 | 38<br><br>40 | 36 | 38 | I |
| | | 38 | 40 | II |
| 40 | 44 | 40 | 44 | |
| *7 n-acastóir* | | | | |
| 40 | 50 | 40 | 50 | II |
| 50<br><br>60 | 60 | 50<br><br>60 | 60 | III |
| *8 [...]* ***ar a laghad*** | | | | |
| 40 | 50 | 40 | 50 | I |
| 50 | 60 | 50 | 60 | II |
| 60 | | 60 | | III'; |

(2) cuirtear isteach Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII mar a leanas:

*'IARSCRÍBHINN V*

**ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE MUIREAR BRÚ TRÁCHTA A THOBHACH**

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo íoscheanglais maidir le muirear brú tráchta a thobhach.

1. **Na codanna den ghréasán faoi réir muirearú brú tráchta, feithiclí agus tréimhsí ama a chumhdaítear**

Sonróidh na Ballstáit an méid seo a leanas go beacht:

(a) an chuid nó na codanna dá ngréasán atá mar chuid dá gcion féin den ghréasán bóithre tras-Eorpach agus dá mótarbhealaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), atá faoi réir muirear brú tráchta, i gcomhréir le hAirteagal 7da(1) agus (3).

(b) codanna den ghréasán atá faoi réir muirear brú tráchta a aicmiú mar "meitreapholaiteach" agus "neamh-mheitreapholaiteach". Bainfidh na Ballstáit úsáid as na critéir a leagtar amach i dTábla 1 chun aicmiú gach stráice bóthair a chinneadh. Tábla 1: Critéir maidir le bóithre ar an ngréasán dá dtagraítear i bpointe (a) a aicmiú mar 'meitreapholaiteach' agus 'neamh-mheitreapholaiteach'

| **Catagóir bóthair** | **Critéar aicmiúcháin** |
|---|---|
| 'meitreapholaiteach ' | Codanna den ghréasán atá laistigh de cheirtleáin ina bhfuil daonra 250,000 cónaitheoir nó níos mó |
| 'neamh-mheitreapholaiteach' | Codanna den ghréasán nach bhfuil cáilithe mar 'uirbeach' |

(c) na tréimhsí ina bhfuil an muirear á chur i bhfeidhm, le haghaidh gach stráice ar leith. I gcás ina mbeidh leibhéil dhifriúla muirir á gcur i bhfeidhm le linn na tréimhse muirearaithe, sonróidh na Ballstáit go soiléir tús agus deireadh gach tréimhse ina bhfuil muirear sonrach á chur i bhfeidhm.

Bainfidh na Ballstáit úsáid as na fachtóirí coibhéise dá bhforáiltear i dTábla 2 chun an coibhneas a bhunú idir leibhéil na muirear le haghaidh catagóirí feithiclí difriúla:

Tábla 2: Fachtóirí coibhéise maidir leis an gcoibhneas idir leibhéil muirear brú tráchta le haghaidh catagóirí feithiclí difriúla a bhunú

| **Catagóir feithicle** | **Fachtóir coibhéise** |
|---|---|
| Feithiclí saothair éadroim | 1 |
| Feithiclí earraí troma dochta | 1.9 |
| Cóistí agus busanna | 2.5 |
| Feithiclí earraí troma leantóirchúpláilte | 2.9 |

2. **Suim an mhuirir**

Maidir le gach catagóir feithicle, stráice bóthair agus tréimhse ama, cinnfidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách suim shonrach aonair, arna socrú i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo, agus an luach [...] **tagartha** comhfhreagrach a leagtar amach sa tábla in Iarscríbhinn VI á chur san áireamh. Beidh an struchtúr muirearaithe dá thoradh sin trédhearcach, cuirfear in iúl don phobal é agus cuirfear ar fáil do gach úsáideoir é ar théarmaí comhionanna.

Foilseoidh an Ballstát an méid uile seo a leanas go tráthúil sula gcuirfidh sé muirear brú tráchta chun feidhme:

(a) bunaítear gach paraiméadar, gach sonra agus gach faisnéis eile is gá chun go dtuigfear cén dóigh a ndéantar bóithre agus feithiclí a aicmiú agus tréimhsí ina gcuirfear an muirear i bhfeidhm a chinneadh;

(b) an tuairisc iomlán ar mhuirir brú tráchta arna gcur i bhfeidhm ar gach catagóir feithicle ar gach stráice bóthair agus agus do gach tréimhse ama.

Cuirfidh na Ballstáit gach faisnéis a bheidh le foilsiú de bhun phointe (a) agus phointe (b) ar fáil don Choimisiún.

Socrófar an muirear i ndiaidh an riosca ar atreorú tráchta a mheas chomh maith le haon tionchar díobhálach ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an gcomhshaol agus ar bhrú tráchta, agus i ndiaidh aon réitigh a mheas chun na rioscaí sin a mhaolú, agus ina dhiaidh sin amháin.

**I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát muirir brú tráchta níos airde a chur i bhfeidhm ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn VI, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin méid a leanas:**

**(i) suíomh na mbóithre atá faoi réir muirir brú tráchta;**

**(ii) bóithre a aicmiú mar bhóithre 'meitreapholaiteacha' agus 'neamh-mheitreapholaiteacha', mar a shonraítear faoi phointe (b) de roinn 1;**

**(iii) na tréimhsí a bhfuil feidhm ag an muirear lena linn, mar a shonraítear faoi phointe (c) de roinn 1;**

**(iv) aon díolúine pháirteach nó iomlán a chuirtear i bhfeidhm maidir le mionbhusanna, busanna agus cóistí.**

3. **Faireachán**

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách, faireachán ar éifeachtacht na scéime muirearaithe chun brú tráchta a laghdú. Cuirfidh an Ballstát gach **trí** bliana, i gcás inarb iomchuí, an struchtúr muirearaithe, an tréimhse mhuirearaithe nó na tréimhsí muirearaithe agus suim shonrach an mhuirir arna socrú le haghaidh gach catagóire ar leith feithicle, cineál bóthair agus tréimhse in oiriúint do na hathruithe i soláthar agus éileamh an iompair.

*IARSCRÍBHINN VI*

**[...] <u>LUACHANNA TAGARTHA</u> AN MHUIRIR BRÚ TRÁCHTA**

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo [...] **luachanna tagartha** an mhuirir brú tráchta.

Cuirfear na [...] **luachanna tagartha** dá bhforáiltear sa tábla thíos i bhfeidhm ar fheithiclí saothair éadroim. Bunófar muirir le haghaidh catagóirí feithiclí eile tríd an muirear a chuirtear i bhfeidhm ar fheithiclí saothair éadroim a iolrú faoi na fachtóirí dá bhforáiltear sa tábla in Iarscríbhinn V.

Tábla: [...] **Luachanna tagartha** an mhuirir brú tráchta le haghaidh feithiclí saothair éadroim

| **cent/feithicil-ciliméadar** | **Meitreapholaiteach** | **Neamh-mheitreapholaiteach** |
|---|---|---|
| Mótarbhealaí | [...] **25,9** | [...] **23,7** |
| Príomhbhóithre | [...] **61,0** | [...] **41,5** |

*IARSCRÍBHINN VII*

## FEIDHMÍOCHT ASTAÍOCHTAÍ

**Sonraítear san Iarscríbhinn seo feidhmíocht astaíochtaí na dtruailleán ar dá réir a ndéanfar idirdhealú idir dolaí agus muirir ar úsáideoir i gcomhréir le hAirteagal 7ga(1)(b).**

***Tábla: critéir maidir le feidhmíocht astaíochtaí truailleán le haghaidh feithiclí saothair éadroim***

| Dola agus muirear ar úsáideoir | 10 % faoi bhun an ráta is airde | 20 % faoi bhun an ráta is airde | 30 % faoi bhun an ráta is airde | 75 % faoi bhun an ráta is airde |
|---|---|---|---|---|
| **Feidhmíocht astaíochtaí** | **Euro-6d-temp-x[#]** | **Euro-6d-x[#]** | **Uasluachanna dearbhaithe RDE le haghaidh astaíochtaí truailleán [##]<br>< 80 % de na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme** | **Feithiclí astaíochtaí nialasacha** |

# **# nuair is féidir le x a bheith folamh nó a bheith ar cheann acu seo a leanas (EVAP, EVAP-ISC, ISC nó ISC-FCM)**

## **le haghaidh NOx agus PN araon mar a thuairiscítear i bpointe 48.2 den Deimhniú Comhréireachta, in Iarscríbhinn IX, a ghabhann le Treoir 2007/46/CE**